

# Síntiúis do TDanna, do Sheanadóirí agus do FPEanna 2017

---

*arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí ag  
Comhaltaí den dá Theach den Oireachtas agus ag Comhaltaí de  
Pharlaimint na hEorpa, de bhun alt 24 den Acht Toghcháin, 1997, arna  
leasú*

*Tuarascáil ón gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí  
don Cheann Comhairle de réir alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997*



**Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí**  
**Standards in Public Office Commission**

*Aibreán 2018*

*An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí  
18 Sráid Líosain Íochtarach  
Baile Átha Cliath 2  
D02HE97  
Teileafón: (01) 6395666  
R-phost: [sipo@sipo.ie](mailto:sipo@sipo.ie)  
Suíomh Gréasáin: [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie)  
Twitter: @SIPOCIreland*

## **Clár Ábhar**

*Brollach*

*Caibidil 1 Réamhrá*

*Caibidil 2 Faisnéis ghinearálta a bhaineann le síntiúis*

*Caibidil 3 Síntiúis arna nochtadh*

*Caibidil 4 Ráitis ó Shíntiúsóirí*

*Caibidil 5 Ráitis síntiús a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán*


### **Aguisíní**

*Aguisín 1 Síntiúis arna nochtadh ag Comhaltaí*

*Aguisín 2 Síntiúis arna nochtadh ag síntiúsóirí alt 24(1A) – liostaithe de réir páirtí*

## Brollach

Tá áthas orm an tuarascáil seo a chur faoi bhráid an Chinn Chomhairle de réir fhorálacha alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú (an tAcht). Na ráitis síntiús/dearbhuithé reachtúla a ndéantar cur síos orthu sa tuarascáil, cuireadh ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí iad de bhun alt 24 den Acht. Na deimhnithe síntiúis airgid/dearbhuithé reachtúla agus ráitis ó institiúidí airgeadais, cuireadh ar fáil iad de bhun alt 23B den Acht.



---

An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe  
Cathaoirleach  
An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí  
Aibreán 2018

## Caibidil 1 Réamhrá

Duine ar bith atá ina Chomhalta de Dháil Éireann (TD), ina Chomhalta de Sheanad Éireann (Seanadóir) nó ina Fheisire de Pharlaimint na hEorpa (FPE) le linn bliain féilire, ceanglaítear air ráiteas síntiús/deimhniú síntiúis airgid/dearbhu reachtúil agus, nuair is cuí, ráiteas bainc i leith na bliana roimhe a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán faoin 31 Eanáir an bhliain ina dhiaidh sin.

Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeán tuarascáil ar shíntiúis pholaitíochta den sórt sin a chur faoi bhráid an Chinn Chomhairle.

I gcás go bhfaightear síntiús ar mó a luach ná an teorainn cheadaithe, ní mór an chuid sin atá os cionn na teorann lena mbaineann a thabhairt ar ais don síntiúsóir nó a thabhairt suas don Choimisiún um Chaighdeán laistigh de cheithre lá dhéag ón síntiús sin a fháil.

Tá sé ina chion gan na tuairisceáin riachtanacha a dhéanamh faoin spriocdháta reachtúil. I gcás go bhfuil duine ciontach i gcion faoin alt sin, beidh an duine faoi dhliteanas fíneáil nach mó ná €2,500 a íoc ar é a chiontú go hachomair agus faoi dhliteanas fíneáil leanúnach nach mó ná €500 sa lá a íoc as gach lá, tar éis é a chiontú, ar a bhfuil na tuairisceáin reachtúla fós amuigh.

Baineann an tuarascáil seo leis na tuairisceáin reachtúla ar chuir TDanna, Seanadóirí agus FPEanna iad ar fáil maidir leis an mbliain 2017.

Tugtar sna hAguisíní na sonraí ábhartha a bhaineann le síntiúis a nochtadh.

## Caibidil 2 Faisnéis ghinearálta a bhaineann le síntiúis do TDanna, do Sheanadóirí agus do FPEanna

Anuas ar an tábla achoimre thíos, d'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeán treoirínte do TDanna, do Sheanadóirí agus do FPEanna maidir le síntiúis. Leagtar amach iontu na ceanglais a bhaineann le hábhair éagsúla amhail glacadh le síntiúis agus iad a nochtadh, síntiúis thoirmiscithe agus cuntais síntiúis polaitíochta. Tá na treoirínte sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin - [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie).

### Tábla síntiúis achoimre do TDanna, do Sheanadóirí agus do FPEanna

<b>Cuntas síntiúis polaitíochta</b>	Ar shíntiúis <b>€100</b> a fháil, ní mór do TD, do Sheanadóir nó do FPE cuntas síntiúis polaitíochta a oscailt (mura bhfuil ceann ar oscailt cheana féin).
<b>Síntiúis airgid thirim</b>	Is é <b>€200</b> an síntiúis uasta airgid thirim a bhféadfaidh TD, Seanadóir nó FPE glacadh leis ó shíntiúsóir in aon bhliain féilire.
<b>Síntiúsóirí corparáideacha</b>	Is é <b>€200</b> an síntiúis uasta a bhféadfaidh TD, Seanadóir nó FPE glacadh leis ó shíntiúsóir corparáideach in aon bhliain féilire, ach amháin i gcás go bhfuil an síntiúsóir corparáideach cláraithe ar an gClár de Shíntiúsóirí Corparáideacha arna choimeád ar bun ag an gCoimisiún
<b>Síntiúsóirí aonair</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Ní mór gach síntiúis os cionn <b>€600</b> a fhaigheann TD, Seanadóir nó FPE a nochtadh ar an Ráiteas Síntiúis.</li><li>• Is é <b>€1000</b> an síntiúis uasta a bhféadfaidh TD, Seanadóir nó FPE glacadh leis ó dhuine aonair nó ó shíntiúsóir corparáideach in aon bhliain ar leith</li></ul>
<b>Isíntiúis</b>	I gcás go dtugann síntiúsóir síntiúis do bheirt fhaighteoirí nó níos mó (do níos mó ná ball amháin den aon pháirtí amháin nó do bhall amháin nó níos mó den pháirtí agus don pháirtí é féin) ar mó a luach comhiomlán ná <b>€1,500</b> , beidh ceangal ar an síntiúsóir foirm síntiúis 24(1a) a chur faoi bhráid an Choimisiúin
<b>Síntiúis thoirmiscithe</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Ní fhéadfar glacadh le síntiúis gan ainm os cionn <b>€100</b></li><li>• Ní fhéadfar glacadh le síntiúis ón gcoigríoch, de luach ar bith, ó dhuine aonair a chónaíonn lasmuigh d'oileán na hÉireann, gan saoránaigh Éireannacha a áireamh</li></ul>

Tabhair faoi deara: tá feidhm ag rialacha síntiúis breise maidir le páirtithe polaitíochta agus tríú páirtithe. Féach [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie) le haghaidh tuilleadh faisnéise a fháil

### Caibidil 3 Síntiúis arna nochtadh

Leagtar amach in Aguisín 1 achoimre ar na síntiúis arna nochtadh. Tá na ráitis síntiús aonair ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin - [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie).

Ceanglaíodh ar 229 gComhalta ráitis síntiús a chur ar fáil maidir leis an mbliain 2017. Bhí siad mar seo a leanas –

- 158 dTeachta Dála (TD)
- 60 Seanadóir
- 11 Fheisire de Pharlaimint na hEorpa (FPE)

#### Na tuairisceáin arna bhfáil

Bhí dualgas ar gach Comhalta a ráitis síntiús a chur ar fáil faoin 31 Eanáir 2018.

I gcás go n-aimsíonn an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil mionearráid nó easnamh i ráiteas síntiús, tabharfaidh sé sonraí faoin earráid nó faoin easnamh don chomhalta/FPE agus tabharfaidh sé fógra don chomhalta/FPE go bhfuil 14 lá aige ó dháta an fhógra an earráid a cheartú nó an t-easnamh a réiteach.

Chomhlíon 215 Chomhalta na ceanglais reachtúla go hiomlán faoi spriocdháta an 31 Eanáir. Chomhlíon ceithre Chomhalta dhéag na ceanglais reachtúla go mall. Chomhlíon an 229 gComhalta go léir na ceanglais reachtúla go substainteach faoin 8 Feabhra 2018, cé go raibh roinnt ceisteanna beaga le réiteach ag an am sin. Réitíodh na ceisteanna sin ina dhiaidh sin.

Ós rud é go bhfuil siad go léir ag comhlíonadh na gceanglas go substainteach, níor cuireadh comhad ar bith faoi bhráid an Gharda Síochána le haghaidh ionchúiseamh.

Léirítear sa tábla in Aguisín 1 gurbh iad glansíntiúis dar luach iomlán **€6,360** a nocht Comhaltaí maidir leis an mbliain 2017.

## Caibidil 4 Ráitis ó Shíntiúsóirí

Foráiltear le halt 24(1A) den Acht nach mór do dhuine aonair ráiteas síntiús/dearbhú reachtúil a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin i gcás go dtugann sé/sí, in aon bhliain ar leith, síntiús dar luach comhiomlán os cionn €1,500 do bheirt nó níos mó a bhí ina gcomhaltaí den pháirtí polaitíochta nuair a tugadh na síntiús, nó do pháirtí polaitíochta, agus do dhuine amháin nó níos mó dá chuid comhaltaí. Ní mór sonraí a thabhairt sa ráiteas síntiús faoi na síntiús agus faoi na daoine ar tugadh iad dóibh agus ní mór iad a chur isteach faoin 31 Eanáir an bhliain dár gcionn.

I gcás nach bhfuil sé ar intinn ag síntiúsóir an ceanglas sin a chomhlíonadh agus go bhfuil Feisire nó páirtí ar an eolas faoi sin, beidh toirmeasc ar an gcomhalta/ar an bpáirtí glacadh le síntiús ón duine sin.

Fuarthas dhá ráiteas síntiús ó shíntiúsóirí aonair maidir leis an mbliain 2017. Leagtar amach in Aguisín 2(a) na sonraí faoi na síntiús a nochtadh. Ba iad síntiús dar luach iomlán **€4,245** a nocht an bheirt síntiúsóirí maidir leis an mbliain 2017.

## **Caibidil 5 Ráitis Síntiús a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán a fhoilsiú**

Tá na ráitis síntiús dá dtagraítear sa tuarascáil seo á leagan faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas inniu ag an gCoimisiún um Chaighdeán de bhun alt 24(7)(a) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú.

Tá na ráitis síntiús a fuarthas ar fáil faoi láthair ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin. Tá cóip den tuarascáil seo agus den phreaseisiúint a ghabhann léi ar fáil ar an suíomh Gréasáin freisin - [www.sipo.ie](http://www.sipo.ie).

De réir alt 23B(8) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú, níl sé ina cheangal deimhnithe síntiúis airgid, dearbhuithe reachtúla agus ráitis bhainc tionlacain a leagan faoi bhráid na dTithe agus níl siad ar fáil don phobal lena n-iniúchadh.



## Aguisín 1 - Síntiúis arna nochtadh ag Comhaltaí

Páirtí	Comhalta	Síntiúsóir	Luach Iomlán na Síntiús €
<b>Fianna Fáil</b>	James Lawless TD	Peter Kenny, 9 an Phríomhshráid Theas, an Nás, Co. Chill Dara	805
	Micheál Martin TD	*Fianna Fáil, 65/66 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2	1,000
	Michael Mc Grath TD	*CDC Fhianna Fáil, Corcaigh Theas-Lár, f/ch David Lohan, Rúnaí CDC Fhianna Fáil, 5 Gleann Richmond Íochtarach, Sruthán na Saileach, Gleann Maghair Láir, Co. Chorcaí	1,000
	Darragh O'Brien TD	Carol Wright, Anna Livia, Baile an tSrutháin, Mullach Íde, Co. Bhaile Átha Cliath	800
<b>Fine Gael</b>	Kate O'Connell TD	Emma Keane, 33 Cearnóg Brighton, Ráth Garbh, Baile Átha Cliath 6	760
<b>Páirtí an Lucht Oibre</b>	Alan Kelly TD	** Michael Madden, 10 Graham Court, Rye, Nua-Eabhrac, 10580, SAM	995
<b>Sinn Féin</b>	An Seanadóir Pádraig Mac Lochlainn	*Seirbhísí Oifig Dhún na nGall, an Bóthar Ard, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	1,000
<b>Iomlán</b>			<b>6,360</b>

\* Síntiúsóir Corparáideach Cláraithe

\*\* Saoránach Éireannach

**Aguisín 2 - Síntiús arna nochtadh ag Síntiúsóirí alt 24(1A) – liostaithe de réir páirtí**

<b>Páirtí is Faighteoir</b>	<b>Faighteoir an tsíntiús</b>	<b>Síntiúsóir</b>	<b>Luach Iomlán na Síntiús €</b>
<b>Páirtí an Lucht Oibre</b>	Alan Kelly TD	*Michael Madden, 10 Graham Court, Rye, Nua-Eabhrac, 10580, SAM	<b>995</b>
	Páirtí an Lucht Oibre, Tiobraid Árann, f/ch Liam Gleeson, 19 an Seanbhóthar, Béal Átha Gabhann, Co. Thiobraid Árann		<b>1,490</b>
<b>Na Daonlathaithe Sóisialta</b>	Sinéad Halpin, na Geataí Glasa, Páirc Bhaile na mBocht, Seanbhóthar Eochaille, Corcaigh	Kodzo Selormey, C4 Teach Dhubhghlas de hÍde, Bóthar Ghleann Maghair Láir, Montenotte, Corcaigh	<b>400</b>
	Ciaran McCarthy, 4 Céide Ghleanntán Uí Laoi, Baile an Chollaigh		<b>400</b>
	Na Daonlathaithe Sóisialta, Corcaigh Thuaidh-Lár, C4 Teach Dhubhghlas de hÍde, Bóthar Ghleann Maghair Láir, Montenotte, Corcaigh		<b>650</b>
	Na Daonlathaithe Sóisialta, 20 Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2		<b>50</b>
	Na Daonlathaithe Sóisialta, Corcaigh Thuaidh-Lár, C4 Teach Dhubhghlas de hÍde, Bóthar Ghleann Maghair Láir, Montenotte, Corcaigh		<b>190 (Síntiús comhchineáil - seomra cruinnithe a fháil ar cíós)</b>
	Na Daonlathaithe Sóisialta, Corcaigh Thuaidh-Lár, C4 Teach Dhubhghlas de hÍde, Bóthar Ghleann Maghair Láir, Montenotte, Corcaigh		<b>70 (Síntiús comhchineáil - Duaiseanna imeachta)</b>
<b>Iomlán</b>			<b>4,245</b>

\*Saoránach Éireannach